# RIALACHÁN (AE) 2016/2340 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 14 Nollaig 2016**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a mhéid a bhaineann lena dháta cur i bhfeidhm**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tugadh isteach sraith beart arb é is aidhm leo cosaint d'infheisteoirí a fheabhsú agus muinín tomhaltóirí a athbhunú i dtionscal na seirbhísí airgeadais trí thrédhearcacht sa mhargadh infheistíochta miondíola a mhéadú. Cuireann an Rialachán sin de cheangal ar mhonaróirí táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe doiciméad faisnéise bunriachtanaí ("KID") a tháirgeadh.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, tugtar an chumhacht don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) caighdeáin theicniúla rialála a ullmhú ina sonraítear na gnéithe a bhaineann leis an KID.

(3) An 30 Meitheamh 2016, ghlac an Coimisiún an rialachán tarmligthe lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ([6]) (an "rialachán tarmligthe") ina sonraítear cur i láthair agus ábhar an KID agus a fhormáid chaighdeánaithe, an mhodheolaíocht atá mar bhonn le cur i láthair an riosca agus na luaíochta agus le ríomh na gcostas, mar aon leis na coinníollacha agus an íosmhinicíocht i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá sa KID agus na coinníollacha a leagan síos chun an ceanglas maidir leis an KID a chur ar fáil d'infheisteoirí miondíola a chomhlíonadh.

---

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Nollaig 2016 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2016.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) an 30 Meitheamh 2016 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, ábhar, athbhreithniú agus leasú doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach agus trí choinníollacha a leagan síos chun na ceanglais a chomhlíonadh maidir le doiciméid den sórt sin a sholáthar (C(2016)3999).

(4) An 14 Meán Fómhair 2016, chuir Parlaimint na hEorpa i gcoinne an rialacháin tharmligthe a ghlac an Coimisiún an 30 Meitheamh 2016 agus d'iarr sí, in éineacht le tromlach mór na mBallstát, go gcuirfí siar dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014.

(5) Le hiarchur dhá mhí dhéag, tabharfar am breise dóibh siúd lena mbaineann na ceanglais nua a chomhlíonadh. I bhfianaise na gcúinsí eisceachtúla, is iomchuí Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a leasú dá réir agus tá údar maith leis sin.

(6) I ngeall ar an tréimhse an-ghearr atá fágtha sula gcuirfear i bhfeidhm na forálacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm gan mhoill.

(7) Dá bhrí sin, tá údar freisin leis an eisceacht i gcomhair cásanna práinneacha a chur i bhfeidhm sa chás seo, eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 4 den Phrótacal (Uimh. 1) maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 34:

"Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2018".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 14 Nollaig 2016.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| M. SCHULZ | I. KORČOK |